Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Nollaig 2023
(OR. en)

16725/23

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0398(NLE)**

SCH-EVAL 257
FRONT 414
COMIX 583

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 11 Nollaig 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16154/23 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moltaí le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaithníodh i meastóireacht gan réamhfhógra 2023 ar an bh**Frainc** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **bhainistiú na dteorainneacha seachtracha** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh lena dtugtar aghaidh ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaithníodh i meastóireacht gan réamhfhógra 2023 ar an bhFrainc maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 10-11 Nollaig 2023.

I gcomhréir le hAirteagal 22(4) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022, cuirfear an moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLTAÍ**

**le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheidh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaithníodh i meastóireacht gan réamhfhógra 2023 ar an bhFrainc maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse bhainistiú na dteorainneacha seachtracha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1], agus go háirithe Airteagal 22(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 4(3), pointe (b), Airteagal 18(4) agus Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) 2022/922, d'eagraigh an Coimisiún meastóireacht gan réamhfhógra chun measúnú a dhéanamh ar an mbainistiú arna dhéanamh ag an bhFrainc ar na teorainneacha seachtracha trí chuairt a thabhairt ar phointe trasnaithe teorann an 4 agus an 5 Meán Fómhair 2023.

(2) Tar éis na meastóireachta sin, ghlac an Coimisiún tuarascáil le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 7100 ón gCoimisiún inar sainaithníodh easnaimh thromchúiseacha a bhaineann le seiceálacha ag teorainneacha seachtracha a bhfuil tionchar diúltach suntasach acu ar Bhallstát amháin nó níos mó agus ar fheidhmiú limistéar Schengen, nó a bhfuil an baol ann go mbeidh tionchar diúltach suntasach acu orthu sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Comhroinneadh an dréacht-tuarascáil le húdaráis na Fraince an 15 Meán Fómhair 2023. Fuarthas a mbarúlacha maidir leis an dréacht-tuarascáil an 29 Meán Fómhair 2023.

---

[1] IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

(3) Leis an gCinneadh seo, ba cheart moltaí a leagan amach maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha ba cheart don Fhrainc a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh. I bhfianaise chineál na dtorthaí agus an ghá atá ann seiceálacha teorann aonfhoirmeacha ardleibhéil a áirithiú go pras, tugtar an leibhéal céanna tosaíochta do na moltaí uile. Leis an gCinneadh seo, ba cheart teorainneacha ama comhréireacha a leagan síos le haghaidh roinnt moltaí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad. Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

(4) Laistigh de mhí amháin tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, de bhun Airteagal 22(6) de Rialachán (AE) 2022/922, ba cheart don Fhrainc plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh thromchúiseacha a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Fhrainc an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle. Ba cheart don Fhrainc tuairisciú don Choimisiún agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme a plean gníomhaíochta gach 3 mhí ón dáta a fhaightear fógra go bhfuarthas an t-athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta, agus go dtí go measfaidh an Coimisiún go bhfuil na moltaí uile curtha chun feidhme ina n-iomláine.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) 2022/922, ba cheart athchuairt a eagrú ar mhaithe leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na moltaí a fhíorú tráth nach déanaí ná bliain amháin ó dháta na gníomhaíochta meastóireachta.

AG MOLADH:

*gur cheart don Fhrainc an méid seo a leanas a dhéanamh*

**Acmhainní daonna le haghaidh rialú teorann:**

1. foráil a dhéanamh maidir le líon leordhóthanach ball foirne oilte chun rialú teorann ardleibhéil éifeachtúil aonfhoirmeach a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], trína áirithiú go gcomhlíonann nósanna imeachta earcaíochta na caighdeáin is gá; faoi mhí an Mheithimh 2024;

[1] Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) *IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.*

**Oiliúint maidir le rialú teorann:**

2. na lárchuraclaim choiteanna a chomhtháthú sa chóras oiliúna bliantúil maidir le rialú teorann i gcomhréir le hAirteagal 62(6) de Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus cúrsaí bunoiliúna agus sainoiliúna rialta a chur ar fáil chun eolas agus speisialtóireacht leormhaith mar aon le scileanna leormhaithe na ngardaí teorann a áirithiú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2016/399; faoi mhí an Mheithimh 2024;

3. na curaclaim oiliúna le haghaidh ghardaí teorann an riaracháin shibhialta a bhreithniú; faoi mhí an Mheithimh 2024;

**Seiceálacha teorann:**

4. seiceálacha teorann íosta a áirithiú ar gach paisinéir agus seiceálacha teorann críochnúla a dhéanamh ar gach náisiúnach tríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 8(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/399;

5. feasacht na ngardaí teorann a mhéadú maidir le próifílí agus táscairí riosca, lena n-áirítear i dtaca le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, sin agus úsáid táirgí anailíse riosca agus teicnící próifílithe a mhéadú sna seiceálacha ar an gcéad líne; faoi mhí an Mheithimh 2024;

6. cur leis an gcumas calaois doiciméad a bhrath, sin agus feidhm éifeachtach dara líne a bhunú i gcóngar na chéad líne;

7. na feidhmiúlachtaí i bhfeidhmchlár náisiúnta Chóras Faisnéise Schengen a uasghrádú chun taispeáint shoiléir iomlán thorthaí an chuardaigh a áirithiú, lena n-áirítear sonraí an fholáirimh agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh;

8. Córas Uathoibrithe um Shainaithint Méarlorg SIS a chur chun feidhme chun sainaithint ar bhonn méarlorg a chumasú, i gcomhréir le hAirteagal 9(1) agus Airteagal 33(2) de

[1] Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n- aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624.

Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus Airteagal 9(1) agus Airteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2];

9. a áirithiú go ndéanfar fíorú leormhaith ar choinníollacha iontrála agus go ndéanfar doiciméid taistil náisiúnach tríú tír atá ag dul faoi phróiseas rialaithe uathoibrithe teorann a stampáil i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 11 de Rialachán (AE) 2016/399;

10. a áirithiú nach gcuirfear cineál na seiceálacha discréideacha i mbaol i gcás amas nuair a úsáideann an náisiúnach tríú tír geataí ABC, i gcomhréir le hAirteagal 37(3) de Rialachán (AE) 2018/1862 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 92 ón gCoimisiún;

11. a áirithiú go ndéanfar na sonraí ón Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí a sheiceáil i gCóras Faisnéise Schengen chun éifeacht iomlán a thabhairt do Threoir 2004/82/CE ón gComhairle[3] agus chun an choireacht trasteorann agus an imirce neamhrialta a chomhrac go héifeachtach;

12. a áirithiú go ndéanfar smachtbhannaí a fhorchur ar iompróirí nuair a bhíonn sonraí ón Réamhaisnéis faoi Phaisinéirí ar iarraidh, neamhiomlán, bréagach nó déanach, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2004/82/CE;

13. a áirithiú go ngearrfar fíneálacha ar aeriompróirí mar a cheanglaítear le hAirteagal 26(2) de Choinbhinsiún Schengen[4] agus le hAirteagal 4 de Threoir 2001/51/CE ón gComhairle[5];

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, *IO L 312, 7.12.2018, lch. 14*.

[2] Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, lena leasaítear agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún, *IO L 312, 7.12.2018, lch. 56*.

[3] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl, *IO L 261, 6.8.2004, lch. 24*.

[4] An Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, *IO L 239, 22.9.2000, lch. 19*.

[5] Treoir 2001/51/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena bhforlíontar forálacha Airteagal 26 den Choinbhinsiún lena gcuirtear chun feidhme Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985, *IO L 187, 10.7.2001, lch. 45*.

14. an nós imeachta um eisiúint víosaí ag an teorainn a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

**Anailís riosca agus malartú faisnéise:**

15. anailís riosca a dhéanamh i gcomhréir leis an tSamhail Choiteann Chomhtháite Anailíse Riosca (CIRAM), trí fhaisnéis ó na húdaráis ábhartha uile a chomhtháthú lena n-áirítear sonraí an Chórais Réamhaisnéise faoi Phaisinéirí, chun na táirgí anailíse a sholáthar a bhíonn ag teastáil sa chinnteoireacht, sa phleanáil agus sa leithdháileadh acmhainní le haghaidh rialú teorann, mar a cheanglaítear le hAirteagal 29(1) de Rialachán (AE) 2019/1896; faoi mhí an Mheithimh 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), *IO L 243, 15.9.2009, lch. 1.*